

Hidrigin ghlan: uirlis thábhachtach chun an córas fuinnimh a dhícharbónú



I láthair na huaire, tá thart ar 2% de mheascán fuinnimh an Aontais comhdhéanta de hidrigin ©AFP/DAMIEN MEYER

Tar éis don Choimisiún straitéis hidrigine i gcomhair Eoraip aeráidneodrach a fhógairt, faigh amach faoi na buntáistí a bhaineann le fuinneamh hidrigine.

I bhfianaise sprioc an Aontais maidir le [haeráidneodracht](#) a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, caithfear athchóiriú iomlán a dhéanamh ar sholáthar fuinnimh na hEorpa agus córas comhtháite fuinnimh a bhunú.

Córas fuinnimh aeráidneodrach

Tá tacaíocht tugtha ag Parlaimint na hEorpa don sprioc astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 60% (faoi bhun leibhéil 1990) faoin mbliain 2030. Is iad breoslaí iontaise, den chuid is mó, is cúis leis an [téamh domhanda](#) agus mar go bhfuil sé mar aidhm ag comhaontú aeráide Pháras an t-ardú ar an teocht domhanda a choinneáil roinnt mhaith faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, is léir go mbainfidh tábhacht le fuinneamh inathnuaite má táthar chun [spriocanna aeráide an Aontais](#) a bhaint amach.

Is iad táirgeadh agus ídiú fuinnimh is cúis le 75% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais. D'fhonn aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh gáis cheaptha teasa de agus chuig córas fuinnimh atá bunaithe go príomha ar acmhainní in-athnuaite, i mí Iúil 2020 d'fhógair an Coimisiún Eorpach [straitéis hidrigine i gcomhair Eoraip aeráidneodrach](#). Cuirtear in iúl sa straitéis go mbainfidh ról thar a bheith tábhachtach le hidrigin a tháirgtear ó fhoinsí in-athnuaite chun córas fuinnimh aeráidneodrach a bhaint amach faoi lár an chéid.

Seasamh na bhfeisirí maidir le húsáid hidrigine

Is féidir hidrigin ghlan a tháirgeadh trí leictrealú uisce a úsáid, ní chuirtear amach gás ceaptha teasa sa phróiseas seo. [I rún a cuireadh chun vóta](#) sa Pharlaimint an 19 Bealtaine 2021, thug feisirí Eorpacha le fios go mbeidh sé fíor-riachtanach aicmiú dlíthiúil comhchoiteann a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla hidrigine. D'fhonn an t-idirdhealú idir [hidrigin in-athnuaite agus hidrigin ísealcharbóin](#) a shoiléiriú go huile agus go hiomlán, tá téarmaíocht uile-AE, aonfhoirmeach á héileamh ag feisirí.

I láthair na huaire, tá thart ar 2% de mheascán fuinnimh AE comhdhéanta de hidrigin, agus 95% den mhéid sin á tháirgeadh trí bhreoslaí iontaise a úsáid, rud a scaoileann 70-100 milliún tona CO2 gach bliain. Táthar ag súil leis go mbeifear in ann hidrigin ghlan a úsáid mar fhoinsé fuinnimh i bpróisis thionsclaíocha agus cheimiceacha, san earnáil iompair agus i bhfeidhmeanna téimh. Chomh maith leis sin, is féidir le hidrigin cainníochtaí móra fuinnimh a stóráil thar thréimhse fhada agus, dá bhrí sin, luaineachtaí éilimh shéasúracha a comhlíonadh.

Léirítear i roinnt taighde go bhféadfadh sé gurb ionann fuinneamh in-athnuaite agus suas le 100% de mheascán fuinnimh an Aontais Eorpaigh faoi 2050, agus go bhféadfadh sé gur hidrigin a bheidh i [suas le 20%](#) de ar an iomlán, lena n-áirítear 20%-50% den fhuinneamh a úsáidfear san earnáil iompair agus 5-20% den fhuinneamh a úsáidfear san earnáil tionsclaíochta.

Dreasachtaí agus margadh comhtháite hidrigine

Mar sin, tá feisirí Eorpacha ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar bhallstáit an Aontais táirgeadh agus úsáid hidrigine ó fhoinsí in-athnuaite a spreagadh trí bhíthin dreasachtaí soiléire. Chomh maith leis sin, caithfear margadh comhtháite hidrigine a bhunú san Eoraip agus bonneagar hidrigine (lena n-áirítear leictrealóirí) a chur ar bun gan mhoill.

Tá sé tábhachtach freisin hidrigin de bhunús iontaise a chéimniú amach a luaithe agus is féidir, agus allmhairí hidrigine uile a dheimhniú ar an mbealach céanna le hidrigin arna táirgeadh

laistigh den Aontas. Ar ndóigh beidh méideanna suntasacha infheistíochta ag teastáil chun geilleagar hidrigine a bhunú, agus tá feisirí Eorpacha den tuairim gur cheart an bonneagar gáis atá ann cheana a athchóiriú lena úsáid amach anseo do hidrigin ghlan.

75%

Is iad táirgeadh agus ídiú fuinnimh is cúis le 75% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa AE

Comhtháthú córas fuinnimh

Is é an úsáid fhorleathan atá á baint as breoslaí iontaise ó aimsir na réabhlóide tionsclaíche i leith is bunús, den chuid is mó, leis an ngéarchéim aeráide atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, tá dlúthbhaint idir an t-aistriú fuinnimh agus sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi lár an chéid.

Ag seisiún iomlánach mhí Bealtaine 2021, chaith feisirí vóta chomh maith ar sheasamh na Parlaiminte i dtaca le straitéis AE maidir le comhtháthú córas fuinnimh. Sa rún pléitear na ceisteanna seo a leanas: optamú agus dícharbónú córas fuinnimh, cothromú córas fuinnimh, rochtain ar fhuinneamh a áirithiú do gach saoránach agus gnólacht, chomh maith le ceannaireacht na hEorpa i réimse na dteicneolaíochtaí fuinnimh inbhuanaithe agus in-athnuaite.

Tuilleadh léitheoireachta

- An t-aistriú chuig fuinneamh glan: spriocanna na mballstát
- Éifeachtúlacht fuinnimh: rialacha nua AE d'fhoirgnimh agus do thithe
- Lipéadú fuinnimh: ag cur le cumas tomhaltóirí táirgí níos éifeachtúla a cheannach
- Athrú aeráide a chomhrac: úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn

Tuilleadh faisnéise

[Rún na bhfeisirí: straitéis Eorpach maidir le hidrigin \(Bealtaine 2021\)](#)

[Rún na bhfeisirí: straitéis an Aontais maidir le comhtháthú córas fuinnimh \(Bealtaine 2021\)](#)

[Seirbhís Taighde na Parlaiminte: beartas hidrigine AE \(Aibreán 2021\)](#)